CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1497 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Meán Fómhair 2022

lena gcinntear an táirge bithicídeach é táirge ina bhfuil "*Capsicum* oleoresin expeller pressed", de bhun Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Meán Fómhair 2021, d'iarr an Bheilg ar an gCoimisiún cinneadh an táirge bithicídeach é nó nach é faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 táirge ina bhfuil, faoi mar a thugann an monaróir le fios, "*Capsicum* oleoresin expeller pressed" agus a mhargaíonn an monaróir sa Bheilg mar éarthach i gcoinne cat agus madraí ("an táirge").

(2) De réir na faisnéise a chuir an Bheilg ar fáil, is sprae é an táirge lena úsáid ar dhromchlaí faoin aer (amhail áiteanna suí faoin aer, cosáin, ballaí, fáil, etc.) chun cait agus madraí a dhíspreagadh ó na dromchlaí sin. Tá úsáid bheartaithe an táirge éagsúil le húsáid spraeanna ina bhfuil na comhábhair chéanna nó comhábhair chomhchosúla agus atá ceaptha lena n-úsáid i gcoinne ainmhithe ionsaitheacha chun críoch féinchosanta.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, is ionann an sainmhíniú ar "substaint" chun críocha an Rialacháin sin agus an sainmhíniú a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), Airteagal lena sainmhínítear substaint mar dhúil cheimiceach agus a comhdhúile, sa staid nádúrtha nó faoi mar a fhaightear iad trí aon mhodh monaraíochta.

(4) De réir na treoraíochta ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ([3]), ní mheastar gur substaintí iad orgánaigh iomlána bheo ná orgánaigh mharbha neamhphróiseáilte ná codanna díobh (mar shampla géaga, torthaí nó bláthanna etc.) de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

(5) Is roisín olúil orgánach é "*Capsicum* oleoresin expeller pressed" a fhaightear trí asbhrú ó thorthaí plandaí an ghéinis *Capsicum*. Dá réir sin, is de chomhdhúile dúile ceimiceacha sa staid nádúrtha a dhéantar "*Capsicum* oleoresin expeller pressed", ach ní orgánach iomlán beo ná orgánach marbh neamhphróiseáilte ná codanna de é.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart "*Capsicum* oleoresin expeller pressed" a mheas mar shubstaint de réir bhrí Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ba cheart é a mheas mar shubstaint freisin de réir bhrí an Rialacháin sin.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

([3]) Guidance for Annex V - Exemptions from the obligation to register [Treoraíocht maidir le hIarscríbhinn V — Díolúintí ón oibleagáid chlárúcháin] (féach leathanach 19), ar fáil ar https://echa.europa.eu/documents/10162/2324906/annex_v_en.pdf/8db56598-f7b7-41ba-91df-c55f9f626545

(7) I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh láithreacht na gcat agus na madraí neamh-inmhianaithe don duine nó go mbeadh éifeacht dhíobhálach acu ar an duine, ar ghníomhaíochtaí an duine nó ar na táirgí a úsáideann nó a tháirgeann sé, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh siad a theacht faoin sainmhíniú ar orgánach díobhálach de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Toisc go bhfuil "*Capsicum* oleoresin expeller pressed" sa táirge ceaptha le bheith gníomhach i gcoinne na n-orgánach díobhálach sin, is substaint ghníomhach é de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (c), den Rialachán sin.

(8) Ós rud é go bhfuil substaint ghníomhach sa táirge agus go bhfuil an táirge ceaptha le horgánaigh dhíobhálacha a dhíspreagadh trí mhodh gníomhaíochta nach bhfuil fisiciúil ná meicniúil amháin, ba cheart an táirge a mheas mar tháirge bithicídeach faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(9) Cuimsíonn an cineál táirge 19, faoi mar a shainmhínítear é in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, táirgí a úsáidtear chun orgánaigh dhíobhálacha a rialú trína n-éaradh nó trína mealladh. Toisc go n-úsáidtear an táirge chun cait agus madraí a éaradh, tagann an úsáid sin faoi thuairisc chineál táirge 19.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Táirge ina bhfuil "*Capsicum* oleoresin expeller pressed" a úsáidtear ar dhromchlaí faoin aer chun cait agus madraí a éaradh ó na dromchlaí sin, measfar gur táirge bithicídeach é de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, agus tiocfaidh sé faoi chineál táirge 19 faoi mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN